**Muintearas CTR**

**Togra Oideachais Gaeltachta**

**Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe**

**Fón 091 379141**

**Ríomhphost campai@muintearas.com Idirlíon www.muintearas.com**


# Coinníollacha

# Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht 2026

## Moltar an cháipéis seo a léamh go cúramach

Tugann na treoirlínte seo eolas faoi **Scéim na gCampaí Samhraidh 2026 Muintearas.**

Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil d'eagraíocht cáilithe le cur isteach ar mhaoiniú faoin Scéim
- campa a fhorbairt a luíonn leis na treoirlínte agus a chomhlíonann critéir na Scéime
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

**Eolas maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht 2026**

Tá maoiniú á chur ar fáil ag Muintearas Teo. thar ceann Údarás na Gaeltachta agus An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta do champaí samhraidh oiriúnacha trí Ghaeilge don aos óg (3 bhl - 18 mbl d'aois):

- a bhfuil sé mar aidhm acu an Ghaeilge a threisiú trí mheascán d'imeachtaí
- a mhairfidh cúig lá
- a reáchtálfar idir 8 Meitheamh 2026 agus 14 Lúnasa 2026

Is scéim neamhbhrabúis í seo, chun táillí an champa a choinneáil íseal do na rannpháirtithe.

Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Mhuintearas Teo. chun luach ar airgead a dheimhniú.

**An bhfuil m'eagraíocht / coiste / grúpa in ann iarratas a chuir isteach?**

Le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh faoin scéim seo, caithfidh d'eagraíocht / coiste / grúpa a bheith in ann na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

**<u>Eagraíocht / Grúpa</u>**

1. Go mbeidh prófíl na heagraíochta comhlíonta ina iomláin ar an bhfoirm iarratais
2. Go bhfuil an eagraíocht sásta comhoibriú le Muintearas Teo. maidir le monatóireacht agus le riaradh an champa.
3. Gur féidir a léiriú, chun sástacht Muintearas Teo., go bhfuil cumas agus struchtúr ceart bainistíochta ag an eagraíocht leis an gcampa a reáchtáil.
4. Go bhfuil cuntas bainc ann in ainm na heagraíochta, agus faoi stiúir choiste nó boird.

**<u>An Ghaeilge</u>**

5. Caithfidh an campa a bheith lonnaithe i gceantar Gaeltachta.
6. Beidh an campa rite go hiomlán tré mheán na Gaeilge.
7. Tá an dualgas ar lucht eagraithe an champa a chinntiú go dtuigeann tuismitheoirí / caomhnóirí go mbeidh an campa á reáchtáil go hiomlán trí Ghaeilge, agus go dtuigeann siad go mbeidh cód iompar teanga i bhfeidhm ar an gcampa, a thugann údarás don lucht eagraithe pé beart is gá a chur i gcrích mura bhfuil iarracht shásúil á ndéanamh chun Gaeilge a labhairt i rith an champa (lena n-áirítear an páiste a chur abhaile).

8. Is gá cóip den **chód iompar teanga / pholasaí Gaeilge** agus aon sonraí a bhaineann leis, a chur ar fáil do Mhuintearas Teo roimh ré chun go mbeidh siad sásta go bhfuil a dhóthain cúram á dhéanamh don Ghaeilge
9. Caithfidh 90% ar a laghad de lucht freastail an champa a bheith ina gcónaí sa Ghaeltacht*
10. Deimhneoidh an eagraíocht, chun sástacht Muintearas Teo., go bhfuil ardchumas Gaeilge ag gach ball foirne agus teagascóir seachtrach a bheidh ag obair leis na daoine óga ag an gcampa.
11. Deimhneoidh an eagraíocht, chun sástacht Muintearas Teo., go ndéanfar cinnte roimh ré (trí agallamh más gá) go bhfuil a ndóthain Gaeilge ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí.

*Is féidir cás eisceachtúil a dhéanamh bunaithe ar chomhthéacs an cheantair Ghaeltachta. Moltar teagmháil a dhéanamh le Muintearas chun an próiseas a phlé.

**<u>An Campa</u>**

**12.** Campa **5 lá** atá i gceist, a bheidh á reáchtáil idir **08/06/2026** agus **14/08/2026**
13. Ní ghlacfar le campa níos giorra ná **5 uair an chloig** in aghaidh an lae; ach amháin i gcás campaí do pháistí **3-6** bl, is féidir campa **4 uair an chloig** a reáchtáil. Ní féidir campa a bheith níos giorra na 5 uair an chloig in aon chás eile
14. Caithfear córas clárúcháin a bheith i bhfeidhm don champa. Ba chóir foirm chlárúcháin chuí a úsáid, a chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí a shíniú roimh ré. Bheadh sé inmholta na páistí a bheith cláraithe ar an gcampa ar a laghad seachtain roimh ré
15. Ní ghearrfar táille níos airde ná **€60.00** ar na daoine óga a bheidh ag freastal ar an gcampa
16. Ceadófar deontas de **€55** an pháiste don tseachtain, nó €11 in aghaidh gach lá a dhéanann páiste freastal ar an gcampa, suas go dtí uasmhéid tinrimh de **50 páiste** ar aon champa. Sin uasmhéid deontais de €2,750 do champa a dhéanann 50 páiste freastal air ar feadh 5 lá. Caithfear coinníollacha uilig na Scéime a shású chun a bheith i dteideal an deontas a fháil.
17. Ní mór an rolla atá curtha ar fáil ag Muintearas Teo a úsáid agus a bheith ar fáil le scrúdú ag oifigeach Mhuintearas Teo nuair a thabharfaidh sé/sí cuairt ar an gcampa.
18. Tabharfar **féirín** do gach duine óg a fhreastalóidh ar an gcampa gach seachtain. Moltar más féidir féirín atá neamhdhíobhálach don timpeallacht – m.sh. tatú nó a leithéid.
19. Beidh gach duine óg a bheidh ag freastal ar an gcampa idir trí bliana agus ocht mbliana déag d'aois ar an 31ú Nollag 2025
20. Is féidir a dheimhniú, chun sástacht Muintearas Teo., gur féidir campa samhraidh fiúntach proifisiúnta a eagrú, go bhfuil a n**dóthain áiseanna feiliúnacha** (lasmuigh agus laistigh) ar fáil don champa agus go reáchtálfar imeachtaí uile an champa ar ardchaighdeán. Ní mór a chinntiú go mbeidh a **ndóthain leithris** ar fáil i measc na n-áiseanna.
21. Ní foláir **raon leathan gníomhaíochtaí** a bheith ar bun agus amchlár laethúil dá réir, chun go mbeidh an deis is fearr agus is féidir ag na rannpháirtithe a gcuid Gaeilge a shaibhriú.
22. Iarrfar ar eagraíochtaí / coistí sé ghrianghraf ar ardchaighdeán d'imeachtaí an champa a sheoladh chuig Muintearas Teo nuair a bheidh an campa thart, le n-úsáid in ábhar poiblíochta, ar shuíomhanna meán shóisialta, cartlannú, tuairiscithe agus foilseacháin Mhuintearais. D'fhéadfaí go mbeadh an ábhar tuairiscithe á roinnt lenár maoinitheoirí agus páirtithe: Údarás na Gaeltachta, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
**23.** Chomh maith leis sin, le linn na gcuairteanna monatóireachta, iarraimid cead freisin go féidir leis na cigirí monatóireachta grianghraif a thógáil de na leanaí/ daoine óga le nó gan

úsáid comhartha a bheidh acu Tá dualgas ar gach campa/coiste toiliú i scríbhinn a bheith faighte i gcónaí ó tuismitheoirí/ caomhnóirí sula nglacfar agus a n-úsáidfear íomhá linbh/duine óg. Mar sin, ní mór mír a chuir ar fhoirm chlárúchán an champa chun an toiliú a fháil agus tabhairt le fios dóibh cén chaoi a bhfuil sibh chun na híomhánna a úsáid, (**ní mór gach úsáid a dheighilt óna chéile agus toiliú a fháil do gach úsáid a mbeidh fís /ghrianghrafanna a úsáid). Mar shampla Tugaim cead íomhá mo linbh a úsáid ar chuntais meán sóisialta, Facebook, Instagram an champa agus mhuintearas Tugaim cead íomhá mo linbh a úsáid i tuairiscithe** agus foilseacháin Mhuintearas, Údarás na Gaeltachta agus An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta **srl féach sampla do fhoirm** .

24. Tá an eagraíocht sásta **Muintearas Teo., Údarás na Gaeltachta agus** An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a bheith luaite in aon phoiblíocht a dhéanfar faoin gcampa, lógó Mhuintearas Teo. a bheith le feiceáil ar aon fhoilseachán a bhaineann leis an gcampa agus comhartha a bheith in airde le linn an champa a thugann aitheantas do Mhuintearas Teo. as an maoiniú atá ceadaithe.
25. I gcás go gcuirfear campa ar ceal nó go n-athrófar dáta an champa tar éis iarratas a bheith déanta le Muintearas Teo, caithfear scéala a chur chugainn chomh luath agus is féidir
26. Is gá beirt chinnirí **thar 18 mbliain d'aois** a bheith i láthair i gcónaí, agus go gcloífí leis an gcóimheas seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Aoisghrúpa 3-6: | 1:8 |
| Aoisghrúpa 7-12: | 1:10 |
| Aoisghrúpa 13-18: | 1:15 |

27. Caithfidh gach cinnire a bheith 18 mbliain d'aois, ní ghlacfar le haon duine atá faoi 18 i dtaobh an chóimheasa seo.
28. Ba chóir go mbeadh gach **teagascóir / cinnire cáilithe** go cuí chun gníomhú mar theagascóir / chinnire sa réimse atá faoina c(h)úram. Is faoi lucht eagraithe an champa atá sé féachaint chuige go bhfuil gach duine a mbeidh baint acu leis an gcampa oiriúnach don chúram sin agus pé oiliúint / fiosrúcháin is gá a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis cuí chun é sin a dhearbhú.
29. Íocfar deontas ar leith i gcás go mbeadh **páiste le riachtanais speisialta** ag freastal ar champa. Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh Cúntóir ar fáil do gach páiste le riachtanais speisialta.
    - íocfar deontas de **€100** in ionad an gnáth dheontas de €55;
    - beidh gá le dearbhú scríofa ó thuismitheoir/chaomhnóir nó ó dhochtúir an pháiste. Ní íocfar aon deontas gan dearbhú scríofa;
    - is leis an eagraíocht/coiste atá i bhfeighil an champa Cúntóir Riachtanais Speisialta a fhostú más gá. Caithfidh na cáilíochtaí cuí a bheidh ag aon duine a bhíonn ag obair mar Chúntóir Riachtanais Speisialta ar an gcampa.
30. Caithfidh duine amháin ar an laghad de chinnirí an champa cáilíocht i nGarchabhair a bheith acu
31. Caithfear mála garchabhrach a bheith ar fáil do chinnirí an champa i gcónaí, ar láthair an champa agus go mbeadh sé ar fáil freisin má rachfar ar thuras nó go láthair ar bith eile.

**<u>Árachas & Cáin</u>**

32. Go bhfuil uimhir thagartha chánach ag an gcoiste/eagraíocht agus go gcuirfear uimhir cánach agus uimhir rochtana Imréitigh Cánach (Tax Clearance Access Number) chuig Muintearas Teo leis an iarratas chun é seo a chruthú.
33. Is féidir a dheimhniú, chun sásacht Mhuintearas, go bhfuil **árachas dliteanas poiblí ag an gcampa** chun íosmhéid éilimh do €6.5m a sheasamh (d'aon eachtra amháin) i leith gach rannpháirtí a bheidh ar an gcampa agus aon turas nó ionad atá in úsáid i rith tréimhse an champa, agus árachas dliteanas fostaí do €13m. Áirítear aon duine atá ag obair/ag tabhairt cúnamh ar an gcampa (bíodh siad fostaithe nó ag obair go deonach) agus atá os cionn 18 bliana d'aois mar oibrí ar an gcampa.
34. Ní foláir go mbeidh **alt** sa pholasaí árachais sin ina ndearbhófar **go ndéanfaidh an campa, a lucht eagraithe,a ghníomhairí agus a sheirbhísigh Muintearas Teo., Údarás na Gaeltachta agus an tAire Stáit sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, a s(h)eirbhísigh agus a g(h)níomhairí, a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh gach uile gníomh, gach uile costas, éileamh agus damáiste a éireoidh as aon úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeacht teagmhasach a bhainfidh le himeachtaí a eagróidh an campa, a lucht eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh.**
35. Ba cheart go mbeidh cóip den árachas sin ar fáil ag láithreán an champa féin

## Cosaint Leanaí

36. Is féidir a dheimhniú chun sástacht Muintearas Teo. go bhfuil **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** ag an gcoiste / eagraíocht
37. Caithfidh **polasaí agus nósanna imeachta Cosaint Leanaí** a bheith ag aon choiste /eagraíocht a reachtálaíonn campa samhraidh, agus caithfidh siad a chinntiú go mbeidh siad ag cloí leis na rialacháin ***Acht um Chúram Leanaí 1991; Acht um Thús Áite do Leanaí 2015; Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988 agus an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016*. Cloífear le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017***
38. Caithfidh **nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin** a bheith ag gach ball foirne ar an gcampa. Ní mór do choistí/eagraíochtaí **deimhniú** a sholáthar d'oifigithe **Muintearas Teo** go bhfuil seo amhlaidh
39. Ní mór an cúrsa ar-líne **Tús Áite do Leanaí** a bheith déanta ag gach cinnire ar an gcampa, agus cóip den **teastas** a théann leis an gcúrsa a chur ar fáil d'oifigithe **Mhuintearas Teo**. Tá fáil ar an gcúrsa seo ar an suíomh Idirlín:www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/
40. Ní foláir go bhféachfaidh an coiste chuige go ndéanfar cúram de **shábháilteacht agus leas** na bpáistí i rith an ama agus go gcloífear le dea-chleachtais sábháilteachta i gcónaí, go háirithe i gcás **imeachtaí spóirt faoi leith** ar nós snámh. Is faoi lucht eagraithe an champa dá réir, comhairle a fháil ó na húdaráis cuí lena chinntiú go bhfuil **polasaí sábháilteachta** oiriúnach agus cur chuige ina leith acu.

## Íocaíocht Deontais

41. Caithfear **éileamh íocaíochta** a bheith déanta ar a dhéanaí coicís tar éis don champa críochnú. Tá foirm éileamh ar íocaíocht ar fáil ar shuíomh idirlín Mhuintearas Teo.
42. Ní mór **rolla an champa**, atá sínithe ag oifigeach Mhuintearas Teo, a sheoladh chugainn leis an éileamh íocaíochta. Ní íocfar aon champa muna mbeidh an rolla ar fáil. Bí cinnte go

mbeidh an 3ú leathanach den rolla (leis an ráiteas GDPR) sínithe agus curtha chuig Muintearas Teo leis an éileamh íocaíochta.

44. Caithfear **uimhir thagartha chánach** an choiste/ na heagraíochta agus **uimhir rochtána imréitigh cánach (Tax Clearance Access Number)** a chur ar an bhfoirm éileamh íocaíochta, chun go mbeidh Muintearas Teo ábálta an deontas a phróiseáil.
45. Is é **an 1ú Meán Fómhair 2026** an dáta deireadh a ghlacfaidh Muintearas Teo le héileamh ar íocaíocht ó aon champa. Muna mbeidh na foirmeacha cuí ar fad faighte roimh an dáta sin, ní bheidh Muintearas Teo ábálta an deontas a bheidh ag dul chuig an campa a phróiseáil.
46. Íocfar deontas don champa taobh istigh d'achar 30 lá sa chás agus go mbeidh na sonraí curtha ar fáil in am trátha agus i gceart.

Is ag **Muintearas Teo** a bheidh an bhreith dheireanach maidir le gach ní a bhaineann leis an Scéim seo. Coimeádann Muintearas Teo an ceart deontas/tráthchuid de pé deontas a bheadh iníoctha sa ghnáthbhealach a choinneáil siar i gcás nach bhfuiltear sásta gur comhlíonadh coinníollacha uile na Scéime.

Beidh sé de cheart ag **Muintearas Teo,** más mian leo, fiosruithe a dhéanamh le tuismitheoirí na rannpháirtithe atá luaite ar rolla an champa.

Níl sé le tuiscint as deontas a íoc faoin Scéim seo go nglacann **Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, nó An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta** aon fhreagracht orthu féin i dtaobh rannpháirtithe agus ní bheidh **Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, nó** An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó dochar a tharlaíonn aon uair ina leith.

**Cad é mar a chuirfimid iarratas isteach?**

Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne, nó tríd an post nó ríomhphost **campai@muintearas.com**

Is é **5i.n. ar an Aoine, 1ú Bealtaine 2026** an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Faoin eagraíocht féin atá sé a dhéanamh cinnte go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus curtha isteach in am. Ní ghlacfaidh an córas ar líne le haon iarratas i ndiaidh an spriocdháta.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith den iarratas, déan teagmháil le Muintearas Teo.